



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Teachtaireacht 037

Teachtaireacht ón gCoimisiún — TRIS/(2024) 1371

Treoir (AE) 2015/1535

Fógra a thabhairt 2024/0283/IE

Anailís iomaíochais

MSG: 20241371.GA

1. MSG 037 IND 2024 0283 IE GA 28-05-2024 27-05-2024 COM COMMCOPPF. 28-05-2024

Is le haghaidh dréachtrialacháin theicniúla amach anseo a chuirfear an teachtaireacht sin ar aghaidh agus fógra le tabhairt fúthu faoin nós imeachta a bunaíodh le Treoir (AE) 2015/1535.

I gcomhréir leis an nuashonrú is déanaí ar an Teachtaireacht maidir le Beartas Tionsclaíoch an 10 Deireadh Fómhair 2012(1), ar dá réir: "... Mar gheall ar chineál coisctheach an nós imeachta sin (arna bhunú le Treoir 98/34), coisceadh sárúithe ar na rialacha maidir le saorghluaiseacht earraí. Is féidir an nós imeachta um fhógra a thabhairt a úsáid freisin, áfach, chun reachtaíocht náisiúnta a fheabhsú i gcomhréir le prionsabail "Rialáil Níos Fearr" agus trí thagarmharcáil. Is féidir leas breise a bhaint as a acmhainneacht trína mholadh go n-úsáidfeadh na Ballstáit díonadh ó thaobh an iomaíochais i gcomhthéacs measúnuithe tionchair náisiúnta", le tuairim ó Choiste um Margadh Baile Pharlaimint na hEorpa an 21 Eanáir 2013(2), ar dá réir sin: "Leanfaidh an Coimisiún de leas a bhaint as acmhainneacht an nós imeachta atá beartaithe le Treoir 98/34/CE, insomuch ós rud é gur ionstraim beartais tionsclaíochta é agus é mar aidhm leis cuidiú le tosaíochtaí reachtacha an AE amach anseo a chinneadh, go háirithe chun na Ballstáit a spreagadh chun measúnuithe tionchair agus díonadh iomaíochais a thabhairt isteach ina bpróisis reachtacha náisiúnta, ón gcéim dréachta de réir a chéile", chomh maith leis an méid a fógraíodh do na Ballstáit le linn an Choiste deiridh 98/34, a tionóladh an 22 Aibreán 2013; iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit anailís iomaíochais a ullmhú ar an reachtaíocht náisiúnta a fógraíodh faoi raon feidhme an nós imeachta a bunaíodh le Treoir (AE) 2015/1535.

Mar shampla, tabharfaidh an nasc thíos rochtain duit ar an "Treoir oibríochta chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar iomaíochas earnála laistigh den mheasúnú tionchair ar an gcoimisiún":

http://ec.europa.eu/growth/tools-databases/tris/comp_proofing/SEC.2012.91-Comp_Proofing_EN.pdf

(1) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún -A stronger European industry at service of economic growth and re-launch -Update to the communication on industrial policy - COM (2012)582 final.

(2) Tuairim ón gCoimisiún um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra don Choimisiún um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh maidir le "An Eoraip a Thionsclú chun iomaíochas agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn" (2013/2006(INI)).

An Coimisiún Eorpach

Pointe teagmhála Treoir (AE) 2015/1535

ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu